# Ionad Aclaíochta a Oscailt

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - achar<br>*Comhtháthú - Teanga, OSIE, Corpoideachas* |
| **Scileanna Forbartha** | • Comhtháthú agus nascadh - idéanna agus próisis mhatamaiticiúla a shealbhódh sé/sí go neamhfhoirmiúil a cheangal le hidéanna agus próisis fhoirmiúla mhatamaiticiúla<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - éisteacht le cuntais agus míniúcháin mhatamaiticiúla de chuid páistí eile agus iad a phlé<br>• Réasúnaíocht - boinn le próisis agus le torthaí gníomhaíochtaí, fadhbanna agus tionscadal matamaiticiúil a thabhairt |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | achar, fad, leithead, imlíne, méadar cearnach, scála do mhéadar cearnach |
| **Áiseanna** | grafpháipéar le cearnóga 1 $cm^2$, rialóir, peann luaidhe |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Spreagtar na daltaí chun caíonna difriúla ar féidir méadar cearnach a thaispeáint sa seomra ranga.
Ansin, tugann daltaí meastachán ar achar an tseomra ranga agus déanann siad cur síos ar a straitéis meastacháin.

### 2 Gníomhaíocht 2

Plé faoi scála. Is é 1 $cm^2$ = 1 $m^2$ scála an lae inniu. Más 1 $cm^2$ = 1 $m^2$, cad é chomh mór agus a bheadh píosa páipéir chun an seomra ranga a tharraingt? Sceitseáil imlíne an tseomra ranga de réir scála.

### 3 Gníomhaíocht3

Oibríonn na daltaí i ngrúpaí chun leagan amach an ionaid aclaíochta, méid na seomraí srl. a phlé. Caithfidh an t-achar a bheith 200 $m^2$ san iomlán agus ba chóir go mbeadh 6 sheomra ann. Tarraingíonn gach grúpa léaráid dá gcuid ionad aclaíochta de réir scála. Déanann na grúpaí a ndearaí a chur i láthair, a phlé agus a chur i gcomparáid lena chéile ag leibhéal ranga iomláin. Tugann na daltaí údar lena gcuid cinntí.

### 4 Gníomhaíocht 4

Cruthaíonn na daltaí dearadh le haghaidh ionad aclaíochta/páirc/ionad spóirt/páirc uisce.
Ní mór dóibh a scála agus a n-achar féin a roghnú.
Ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil an t-achar agus na codanna réalaíoch.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén seomra a bhfuil an t-achar is lú/is mó ann?<br>• Cad é achar an tseomra feistis/an tseomra fáiltithe?<br>• Cad é achar iomlán x agus y? | • Cén fáth ar roghnaigh tú méideanna/cruthanna le haghaidh an tseomra feistis/an tseomra fáiltithe?<br>• Conas is féidir leat seomra atá dhá oiread níos mó ó thaobh achair de, ach a bhfuil cruth difriúil air a tharraingt?<br>• Conas is féidir leat seomraí leis an achar céanna, ach a fhoirmíonn cruthanna geoiméadracha difriúla ar an urlár a dhearadh? |

## Difreáil

Sín cineálacha foirgneamh agus leibhéal castachta de réir shuimeanna agus thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.